An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

SFG 2	FOIRM IARRATAIS AR AITHEANTAS

Ba chóir an leathán eolais a bhaineann leis an scéim a léamh go cúramach sula líontar an fhoirm iarratais

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú agus baineann sí leas as bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche ach amháin chun na críche sin dár bailíodh iad. Féadfaidh sé go malartófar sonraí pearsanta le Ranna eile Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí eile poiblí, i gcúinsí áirithe i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le dlí. Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach amháin fad a bheidh sé riachtanach chun na críche dár bailíodh iad agus dá ndearnadh próiseáil ina dhiaidh sin orthu. Nuair a rachaidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis seo a choimeád in éag, scrúdófar í d'fhonn na sonraí pearsanta a léirscriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne. Is féidir Ráiteas Príobháideachais na Roinne maidir le soláthraithe, íocaithe agus deontaithe aonair a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/b5fca-sholathraithe-iocaithe-deontaithe/ Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: : https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/2e702-polasai-um-chosaint-sonrai/

SONRAÍ AN IARRATASÓRA

1. Do chuid sonraí le líonadh i mBLOC LITREACHA led' thoil

	Ainm & Sloinne	Dáta Breithe	Uimhir P.S.P. (RSI)	Uimhir Ghutháin
Iarratasóir				
Céile/Páirtí				
Seoladh Iomlán				
Éirchód		Baile Fearainn		
Ríomhphost		Limistéir Pleanála Teanga		

AN GHAEILGE

2. An mbíonn an Ghaeilge á labhairt mar theanga ag do líon tí ar bhonn laethúil? Bíonn ☐ Ní Bhíonn ☐

SONRAÍ AN TÍ

3. Daoine eile a bhfuil cónaí orthu sa teach (gach duine, úsáid bileog eile más gá)

Ainm & Sloinne	Dáta Breithe	Uimhir P.S.P. (RSI)	Gaol leis an Iarratasóir
1.			
2.			
3.			
4.			
5.			
6.			

SONRAÍ AN CHOLÁISTE

4. Ainm agus seoladh an choláiste

(1) Ainm an Choláiste: _____

(2) Ainm an Choláiste: _____

(3) Ainm an Choláiste: _____

5. Don teaghlach sin ar mian leo iarratas a dhéanamh ar aitheantas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, ní mór dóibh:

(a) Iarratas ar aitheantas a dhéanamh leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Is gá an foirm a líonadh chuige seo agus a sheoladh ar ais go dtí an Roinn. Ní leor ríomhphost a chur ag lorg eolais.

i. SFG 2 Foirm Iarratais ar Aitheantas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

ii. SFG 3 Sainordú EFT - Sonraí Bainc

iii. SFG 3 (A) Cruthúnas Cánach [m.sh. Deimhniú Creidmheasanna Cánach]

(b) Iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán na nGardaí a dhéanamh le CONCOS. Ní féidir dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas aitheantais go dtí go bhfuil an Grinnfhiosrúchán bailí dearbhaithe.

(c) Ní mór don teaghlach atá ag déanamh iarratas ar aitheantas cuairt chláraithe a shocrú leis an Roinn. Seolfar litir chuig an teaghlach go gairid i ndiaidh na cuairte seo ag cur in iúl dóibh ar éirigh nó nár éirigh leis an iarratas ar aitheantas.

(d) An teach lóistín a chur in oiriúint do scoláirí a bheadh ar iostas faoi SFG, mar aon le teastas innealtóra don teach a sheoladh chuig an Roinn. **Níor chóir an chéim seo a ghlacadh go dtí go bhfuil deimhniú faighte i scríbhinn ón Roinn gur éirigh leis an teaghlach ina n-iarratas ar aitheantas faoi SFG.**

SEICLIOSTA **Cáipéisí le seoladh chuig an Roinn** [Ní mór na foirmeacha liostáilte thíos a chomhlíonadh agus a sheoladh chuig an Roinn ag teaghlaighsfg@drcdg.gov.ie		Cuir tic sa bhosca
SFG 2	**Foirm Iarratais ar Aitheantas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge**	☐
SFG 3	**Sainordú EFT - Sonraí Bainc – Teaghlach**	☐
SFG 3 (A)	**Cruthúnas Cánach** [m.sh. Deimhniú Creidmheasanna Cánach]	☐
SFG 4	**Teastas Innealtóra faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge** (Sínithe agus stampáilte ag duine cáilithe)	☐
Ráiteas Cosaint Leanaí	(in áit agam de réir fhorálacha ábhartha CHUID II den Acht um Chosaint Leanaí 2015).	☐

Cáipéis le seoladh chuig CONCOS		Cur tic sa bhosca
Grinnfhiosrúchán An Gharda Síochána	**Iarratas grinnfhiosrúchán seolta chuig CONCOS**	☐

6. **Tá rún agam foghlaimeoirí Gaeilge a bheith ar iostas agam agus iarraim aitheantas ar An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta faoin Scéim thuas chuige sin.**

   Dearbhaím:-

   (a) Go bhfuil mo líon tí oiriúnach chun foghlaimeoirí Gaeilge a choinneáil ar iostas go slán sábháilte agus nach bhfuil aon ionchúiseamh, gurb eol dom, ag aon bhall den líon tí a chuirfeadh isteach ar seo.

   (b) Go bhfuil mo chúrsaí cánach in ord, chomh fada agus is eol dom.

   (c) Nach mbeidh agam ach cuairteoirí le Gaeilge agus gurb í an Ghaeilge gnáth-theanga labhartha an teaghlaigh.

   (d) Go bhfuil mé sásta cloí le coinníollacha na Scéime de réir mar atá siad leagtha síos ins an mbileog eolais a cuireadh ar fáil dom leis seo.

   (e) Go nglacaim gur ionann aitheantas faoin scéim agus a bheith ag feidhmiú *in loco parentis*, agus gur gá caitheamh go cuí leis na scoláirí fad is atá siad ar iostas.

Tuigim nach mbeidh mé ábalta Foghlaimeoirí Gaeilge a choinneáil faoin Scéim go mbíonn aitheantas i scríbhinn faighte agam ón Roinn.

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____

Is ceart an fhoirm seo a chomhlíonadh go hiomlán agus í a chur ar ais go leictreonach chuig an seoladh R-phost thíos:

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:

RANNÓG NA GCOLÁISTÍ GAEILGE
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh H91KX39
✉ **teaghlaighsfg@drdcg.gov.ie**